# Meitheal Forbartha na hEacnamaíochta Baile – Cruinniú 11

## Cur Síos Gairid

**Dáta:** An 12  Samhain 2025

| Eacnamaíocht Bhaile na Sraithe Sinsearaí | Cruinniú na Meithle Forbartha<br>Cur Síos Gairid |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| **Fáilte, focail tosaigh agus forbhreathnú ar an lá** | D'oscail an Cathaoirleach an cruinniú ag cur fáilte mhór roimh gach ball. Léadh na miontuairiscí agus breathnaíodh ar na nithe a d'éirigh astu. |
| **Measúnú** | Rinne an grúpa athbhreithniú ar an dá mholadh i dtaobh an CMB i gcoinne pharaiméadair T3, ag tabhairt suntas do na croíláidreachtaí agus na croíshrianta. D'aontaigh baill gur cheart an CMB a fhréamhú i gcur chuige soiléir fadhbfhuascailte. Léiríodh buarthaí maidir leis na bealaí a ndéanfaí fianaise den fhoghlaim a thiomsú agus a chur isteach. |
| **Athbhreithniú ar an dréachtsonraíocht** | Thug an Feidhmeannas breac-chuntas ar nuashonruithe agus thug le fios go bhfuil gá fós le sonraí SLA a bheachtú. D'aontaigh an grúpa go bhfuil an réasúnaíocht, na haidhmeanna agus na príomhinniúlachtaí go léir réidh le haghaidh comhairliúcháin, agus rinne siad athbhreithniú ar Thorthaí Foghlama leasaithe i ngach snáithe. Ar na croíphointí, bhí cur i láthair na mbriathra gnímh agus leithne Shnáithe 1. Tá gá le heagarthóireacht bhreise ar Shnáithe 2 agus tá Snáithe 3 réidh le haghaidh comhairliúcháin. Bhí dearcthaí éagsúla ann i dtaca leis an snáithe aontaitheach a bhaint agus é a leabú laistigh de na snáithí comhthéacsúla, agus roinnt daoine ag leagan béim ar an ngá a bheadh le tuiscint shoiléir a choimeád ar an Eacnamaíocht Bhaile mar dhisciplín. |
| **Na chéad chéimeanna eile agus an chéad chruinniú eile** | Thug an Cathaoirleach agus an Feidhmeannach forbhreathnú ar sceideal na gcruinnithe. Ansin, rinne an Cathaoirleach machnamh ar an obair a rinneadh agus ghabh sé buíochas leis na baill as bheith i láthair agus as an méid a rinne siad.<br><br>**An chéad chruinniú eile: An 1 Nollaig 2025** |